Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Eanáir 2018**
**(OR. en)**

**5545/18**

**ECOFIN 50**
**UEM 17**
**SOC 29**
**EMPL 20**
**COMPET 36**
**ENV 42**
**EDUC 18**
**RECH 28**
**ENER 24**
**JAI 41**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5156/18 |
| Ábhar: | Seimeastar Eorpach 2018 - Suirbhé Bliantúil Fáis: Treoir mhaicreacnamaíoch agus fhioscach do na Ballstáit<br>– Conclúidí ón gComhairle ECOFIN |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le Suirbhé Bliantúil Fáis 2018, a ghlac an Chomhairle ag an 3592ú cruinniú dá cuid a bhí ar siúl an 23 Eanáir 2018.

## SEIMEASTAR EORPACH 2018:
## TREOIR MHAICREACNAMAÍOCH AGUS FHIOSCACH DO NA BALLSTÁIT

- Conclúidí ón gComhairle ECOFIN -

Dearbhaíonn an Chomhairle (ECOFIN) mar a leanas:

**I. SEIMEASTAR EORPACH 2018**

1. IS MÓR AICI Suirbhé Bliantúil Fáis 2018 ón gCoimisiún, ina leagtar amach tosaíochtaí ginearálta beartais le haghaidh post agus fáis san Aontas agus sna Ballstáit, agus arb é is túsphointe de Sheimeastar Eorpach 2018. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé scrúdú tráthúil suntasach a dhéanamh ar an bpacáiste seo. AONTAÍONN SÍ A BHEAG NÓ A MHÓR leis an anailís a rinne an Coimisiún ar na tosaíochtaí beartais ar cheart d'iarrachtaí náisiúnta agus d'iarrachtaí ar leibhéal an Aontais a bheith dírithe orthu in 2018: borradh a chur faoi infheistíocht, agus athchóirithe struchtúracha agus beartais fhioscacha fhreagracha a shaothrú.

2. AONTAÍONN SÍ leis an measúnú a rinne an Coimisiún ina léirítear go bhfuil geilleagar na hEorpa ag brath níos mó ar an éileamh intíre agus go bhfuil bonn níos leithne faoi ar fud na mBallstát. Tá leibhéal na dífhostaíochta ag titim, tá an infheistíocht ag teacht chuici féin agus tá feabhas ag teacht ar airgeadas poiblí. Tá méadú seasmhach tagtha ar gheilleagar an Aontais agus ar gheilleagar an limistéir euro le hocht ráithe dhéag anuas. Mar sin féin, tá laige sa bhoilsciú lárnach agus i bhfás an phá le brath sa téarnamh d'ainneoin feabhsuithe i margadh an tsaothair. Tá an dífhostaíocht fós ard, ráta rannpháirtíochta na mban i margadh an tsaothair íseal, an infheistíocht íseal freisin, lag trá le feiceáil i bhfás an phá, agus ardleibhéil fiachais ann, rudaí iad seo a bhfuil tionchar sriantach acu ar an bhfás.

3. IS DÍOL SÁSAIMH DI an chobhsaíocht atá tagtha de réir a chéile i réimsí tosaíochta beartais an tsuirbhé bhliantúil fáis ach CUIREANN SÍ I bhFÁTH go bhfuil cur chun feidhme na n-athchóirithe fós míchothrom ar fud an Aontais agus go n-éilíonn tosaíochtaí práinneacha eacnamaíocha agus sóisialta dul chun cinn cinntitheach agus athchóirithe chun dul i ngleic le dúshláin struchtúracha an Aontais á gcur chun feidhme. IARRANN SÍ ar na Ballstáit tairbhe a bhaint as an timpeallacht eacnamaíoch atá sách fabhrach chun dul ar aghaidh le hathchóirithe struchtúracha chun an téarnamh a chomhdhlúthú, chun dul i ngleic le míchothromaíochtaí maicreacnamaíochta agus chun cóineasú leanúnach eacnamaíoch agus sóisialta a athbhunú, agus é á thabhairt dá haire go bhfuil fianaise ann go mbíonn tionchar níos dearfaí ag athchóirithe a dhéantar i dtréimhsí an ratha. Ag an am céanna, is gá maoláin fhioscacha a athbhunú mar gheall ar na dálaí eacnamaíochta atá ag feabhsú, go háirithe i dtíortha a bhfuil fiacha ollmhóra acu, chun cabhrú lenár ngeilleagair le bheith níos athléimní maidir le suaitheadh agus chun spás a chruthú chun an infheistíocht phoiblí a mhéadú, i gcás inarb ábhartha.

4. IS DÍOL SÁSAIMH DI prionsabail cholún Eorpach na gceart sóisialta a d'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ag Cruinniú Sóisialta Gothenburg agus CUIREANN SÍ I bhFÁTH gur gá dul i ngleic le dúshláin eacnamaíocha an Aontais.

5. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar chur chun feidhme beartais, lena n-áirítear na moltaí tír-shonracha a chur chun feidhme, le linn na bliana ar fad. TÁ SÍ AG SÚIL LE plé suntasach sa Chomhairle i mí an Mhárta 2018 maidir le cur chun feidhme na moltaí tír-shonracha agus béim ar fhás táirgiúlachta, le hionchur ón gCoimisiún. MOLANN SÍ tuilleadh plé éifeachtúil agus oscailte sna príomhchathracha idir na Ballstáit agus an Coimisiún, agus go leanfadh na geallsealbhóirí náisiúnta le bheith rannpháirteach.

## II. TREOSHUÍMH MAIDIR LE BEARTAS FIOSCACH AGUS MAICREACNAMAÍOCH

### BORRADH A CHUR FAOIN INFHEISTÍOCHT CHUN TACÚ LEIS AN TÉARNAMH AGUS CHUN FÁS FADTÉARMACH A MHÉADÚ

6. IS DÍOL SÁSAIMH DI an cor chun feabhais san infheistíocht ach AITHNÍONN SÍ go bhfuil gá le bearta breise chun aschur eacnamaíoch amach anseo a mhéadú, chun táirgiúlacht agus cóineasú a ardú agus chun cabhrú le hathchothromú. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm leis na hathchóirithe feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó, an riarachán poiblí a dhéanamh níos láidre agus níos éifeachtúla, aghaidh a thabhairt ar dholúbthachtaí i margaí táirgí agus i margaí an tsaothair agus creataí dócmhainneachta éifeachtacha a áirithiú lena gcuidítear le hathstruchtúrú. Tríd an gcóras cánach a shimpliú ionas go dtacóidh sé níos mó le hinfheistíocht agus trí bhearta a ghlacadh i gcoinne na pleanála ionsaithí cánach, ar aon dul leis na dea-chleachtais a comhaontaíodh ar fud na cruinne, éascófar iomaíocht, caomhnófar comhtháthú sóisialta agus laghdófar éagothromaíochtaí.

7. AITHNÍONN SÍ go bhfuil leibhéal na n-iasachtaí neamhthuillmheacha ag cúlú, ach tá sé fós ard i roinnt Ballstát agus tá sé ina bhacainn i gcónaí ar bhrabúsacht bainc, rud a chuireann bac ar mhaoiniú an fhíorghealleagair. Ba cheart go ndéanfaí an plean gníomhaíochta maidir le hiasachtaí neamhthuillmheacha, a comhaontaíodh i mí Iúil 2017, a chur chun feidhme go dúthrachtach. MEABHRAÍONN SÍ go n-éilítear dul chun cinn i dtreo an t-aontas baincéireachta a thabhairt chun críche i gcomhréir le treochlár na Comhairle i mí an Mheithimh 2016.

8. MEABHRAÍONN SÍ go bhféadfadh margaí caipitil atá níos forbartha agus níos comhtháite infheistíocht a scaoileadh do ghnólachtaí agus do thionscadail bhonneagair, infheistíocht choigríche fhadtéarmach a mhealladh, agus cur le fás agus cruthú post. Chun na críche sin, CUIREANN SÍ I bhFÁTH go bhfuil deis shuntasach ann leis an dul chun cinn i dtaobh aontas iomlán na margaí caipitil a chruthú chun an rochtain a fheabhsú ar fhoinsí malartacha maoinithe a d'fhéadfadh a bheith níos saoire.

9. CUIREANN SÍ I bhFÁTH a thábhachtaí atá infheistíocht in oideachas agus oiliúint ardcháilíochta, i bhforbairt scileanna digiteacha agus i seirbhísí inacmhainne inrochtana ardcháilíochta chun borradh a chur faoi tháirgiúlacht agus faoi phoist trí éifeachtúlacht fheabhsaithe acmhainní agus costais laghdaithe ionchuir, deiseanna comhionanna a áirithiú agus costais agus tionchair sheachtracha á laghdú. Ba cheart go mbeadh infheistíocht chun inbhuanaitheacht an chomhshaoil a fheabhsú ina thosaíocht freisin.

**Athchóirithe struchtúracha a chur i bhfeidhm chun ár ngeilleagair a nuachóiriú**

10. AONTAÍONN SÍ leis an anailís ón gCoimisiún go bhfuil athchóirithe breise bunriachtanach le go mbeidh an geilleagar in ann déileáil le suaitheadh agus le hathléimneacht eacnamaíoch a fheabhsú. Le linn na géarchéime eacnamaíche léiríodh leochaileachtaí agus struchtúir eacnamaíocha a bhí ina mbac ar réidhmhaolú na suaití agus ath-leithdháileadh éifeachtach na n-acmhainní.

11. CUIREANN SÍ I bhFÁTH a thábhachtaí atá seicheamhú leordhóthanach agus pacáistiú athchóirithe struchtúracha chun costais a d'fhéadfadh a bheith ann sa ghearrthéarma a laghdú agus chun tairbhí fadtéarmacha a uasmhéadú, agus go mba cheart go ndéanfaí éifeachtaí dáileacháin ar ghrúpaí agus ar réigiúin éagsúla na sochaí a chur san áireamh freisin an tráth a mbeadh athchóirithe struchtúracha á ndéanamh. Tá claonadh ann go dtiocfaidh feabhas ar éifeachtacht fhoriomlán na n-athchóirithe ar mhargadh an tsaothair agus ar mhargadh na dtáirgí más cuid de phacáiste dea-dheartha cuimsitheach iad. Ba cheart tosaíocht a thabhairt d'athchóirithe ar riarachán poiblí agus ar an timpeallacht ghnó de bhrí go gcuireann siad borradh díreach faoin táirgiúlacht agus faoin aschur beag beann ar na cúinsí eacnamaíocha.

12. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil an margadh aonair Eorpach le haghaidh earraí agus seirbhísí fós ar an inneall is cumhachtaí don fhás agus do phoist agus gur cheart é a bheith ina thosaíocht breis oibre a dhéanamh ar an margadh aonair digiteach, ar aontas na margaí caipitil agus ar an aontas fuinnimh. Tá bacainní rialála agus riaracháin fós ann go háirithe in earnáil na seirbhísí. Dá gcuirfí seirbhísí amhail seirbhísí gnó, seirbhísí dáileacháin agus seirbhísí miondíola ar leibhéal níos airde iomaíochta, rachadh sé sin chun tairbhe do gheilleagar an Aontais trí fheabhas a chur ar tháirgiúlacht agus ar iomaíochas agus i ndeireadh thiar thall chruthófaí poist mar gheall air. AITHNÍONN SÍ go bhfuil deiseanna nua á gcruthú ag an domhandú agus ag an dul chun cinn teicneolaíochta chun cur le táirgiúlacht, chun fiontraíocht a chothú, chun poist a chruthú agus chun feabhas a chur ar chaighdeáin maireachtála, ach tá siad ag déanamh athrú ó bhonn ar níos mó earnálacha eacnamaíocha de réir a chéile agus ar mhargadh an tsaothair ann féin. Sa chomhthéacs sin, LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá le gníomhaíocht beartais chun tacú le huas-sciliú agus le hathoiliúint ghairmiúil agus le beartais éifeachtacha ghníomhacha mhargadh an tsaothair. Tá margaí saothair atá dinimiciúil agus solúbtha tábhachtach chun poist ardcháilíochta a chruthú agus chun tacú le haistrithe i margadh an tsaothair.

13. CUIREANN SÍ I bhFÁTH go bhfuil athchóirithe i margadh na dtáirgí lena méadaítear iomaíocht, agus athchóirithe a chuireann feabhas ar an timpeallacht ghnó agus ar cháilíocht institiúidí ríthábhachtach chun athléimneacht eacnamaíoch a chothú.

14. TAGANN SÍ GO GINEARÁLTA leis an tuairim go bhfuil deis ann chun tacú leis an éileamh ar shaothar tríd an ualach cánach a thógáil ón saothar, go háirithe le haghaidh grúpaí ar imeall mhargadh an tsaothair. Ina theannta sin, tríd an bhfás i bhfíorphá i gcomhréir le fás táirgiúlachta agus trí dhearadh cuí na gcóras cánach agus sochar is féidir éagothromaíochtaí a laghdú agus caighdeáin níos airde maireachtála a áirithiú. Bheadh forbairtí pá dinimiciúla, dá n-eascródh éileamh intíre níos láidre astu mar thacaíocht leis an leathnú eacnamaíoch atá ar siúl faoi láthair agus d'éascóidís athchothromú.

15. CUIREANN SÍ I bhFÁTH go mba cheart do na Ballstáit inbhuanaitheacht agus leordhóthanacht a gcóras pinsean a áirithiú agus sa chomhthéacs sin, TÁ SÍ AG TNÚTH le foilsiú Thuarascáil 2018 ar an Aosú. Tá a gcuid córas pinsean athchóirithe ag formhór na mBallstát ach tá breis iarrachtaí ag teastáil. Ní foláir athchóirithe ar chórais cúraim sláinte agus ar chórais cúraim fhadtéarmaigh a shaothrú chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht costais, a n-inbhuanaitheacht fhioscach a áirithiú agus cáilíocht seirbhísí agus rochtain inacmhainne a áirithiú.

**Beartais stuama fhioscacha**

16. IS DÍOL SÁSAIMH DI an feabhas atá tagtha ar airgeadas poiblí ach aithníonn sí ag an am céanna gur ábhar imní fós é an laghdú mall atá ag teacht ar fhiachais ó leibhéil arda i roinnt Ballstát. AITHNÍONN SÍ go mba cheart do bheartais fhioscacha ag an bpointe seo cothromaíocht iomchuí a bhaint amach idir inbhuanaitheacht airgeadais phoiblí a áirithiú, go háirithe cóimheasa fiachais a laghdú nuair atá siad ard, agus tacú leis an ngeilleagar. MEABHRAÍONN SÍ go bhfuil comhordú láidir na mbeartas náisiúnta fioscach, bunaithe ar rialacha comhchoiteanna, riachtanach don limistéar euro chun go dtiocfar ar staid fhioscach chomhiomlán iomchuí agus chun go bhfeidhmeoidh an t-aontas airgeadaíochta mar is cuí. COMHAONTAÍONN SÍ go ndealraítear go bhfuil seasamh fioscach atá neodrach a bheag nó a mhór iomchuí don limistéar euro ar an iomlán in 2018.

17. COMHAONTAÍONN SÍ gur gá beartas fioscach a shaincheapadh do chúinsí tír-shonracha agus an gá le cobhsaíocht agus le hinbhuanaitheacht araon á gcur san áireamh agus an comhshocrú cobhsaíochta agus fáis á urramú go hiomlán. COMHAONTAÍONN SÍ leis an gCoimisiún gur gá, ar mhaithe leis an bhfeabhas leanúnach atá ag teacht ar an staid eacnamaíoch, fiachas poiblí a laghdú agus maoláin fhioscacha a athbhunú, go háirithe i dtíortha atá go domhain i bhfiacha, agus leanúint ar aghaidh le hacmhainneacht fáis ár ngeilleagar a neartú, go háirithe trí thús áite a thabhairt d'infheistíocht phoiblí. CUIREANN SÍ I bhFIOS go bhfuil roinnt Ballstát i mbaol ó dhiallas suntasach ó chonair an choigeartaithe i dtreo a gcuid cuspóirí buiséadacha meántéarmacha faoi seach agus ní mór dóibh comhlíonadh an chomhshocraithe cobhsaíochta agus fáis a áirithiú. AONTAÍONN SÍ gur éirigh le roinnt Ballstát a gcuid cuspóirí meántéarmacha a shárú agus go bhféadfaidís úsáid a bhaint as an staid fhabhrach bhuiséadach atá acu chun éileamh intíre agus acmhainneacht fáis a neartú tuilleadh, ag brath ar chúinsí tír-shonracha agus urraim á tabhairt acu don chuspóir meántéarmach agus do na ceanglais náisiúnta.

18. COMHAONTAÍONN SÍ go bhfuil sé fós ríthábhachtach cáilíocht agus comhdhéanamh airgeadais phoiblí a fheabhsú. AITHNÍONN SÍ gur féidir le hathchóirithe sa riarachán poiblí laghdú suntasach ar chostais a bhaint amach. COMHAONTAÍONN SÍ gur féidir le níos mó trédhearcachta agus éifeachtúlacht níos fearr cabhrú le muinín an phobail a athbhunú sna córais chánach agus feabhas a chur ar bhailiú cánach. CUIREANN SÍ I bhFIOS gur féidir le hathbhreithnithe cuimsitheacha rialta ar chaiteachas a bheith bunriachtanach maidir le cáilíocht agus comhdhéanamh caitheachais phoiblí a fheabhsú.